Saoire Shlatiascaireachta Dhún na nGall

Ar fud an chontae
Seirbhís áirithintí ar líne le haghaidh
saoire shlatiascaireachta i nDún na
nGall. Bíonn Saoire Shlatiascaireachta
Dhún na nGall ag obair go dlúth
le húinéirí iascaigh, gnóthais
slatiascaireachta agus oibreoirí
cóiríochta do chuairteoirí chun
réimse leathan roghanna a chur

ar fáil dá gcustaiméirí ó thaobh na
slatiascaireachta de. Cuimsítear
leis seo iascaireacht a sháródh aon
iascaireacht ar domhan, agus réimse
leathan iasc, mar shampla, bradán
an Atlantaigh fhiáin, breac geal agus
breac donn fiáin, agus suas le daichead
speiceas éisc mhuirí, idir ronnach agus
shiorc.
www.donegalanglingholidays.com

Dreapadóireacht

Dreapadóireacht Dhún na nGall

Inis Eoghain, Teagascóir: Bren Whelan
Ailleadóireacht agus Cnocadóireacht,
Traenáil ar Shléibhte, Scileanna Sléibhe,
Rópadóireacht Anuas, Ceannasaíocht
Sléibhe
Teil: +353 (0)87 665 7790
www.donegalclimbing.ie

Ionad Eachtraíochta Unique Ascent

Dún na nGall Thiar agus Iarthuaisceart
Dhún na nGall
Teagascóir: Iain Miller
Ailleadóireacht, Dreapadóireacht Stacaí
Farraige, Sléibhteoireacht, Cúrsaí
Traenála ar Shléibhte agus Saoire
Eachtraíochta
Teil: +353 (0)87 758 4810
www.uniqueascent.ie

Saoire Ghailf

Cuideachta Ghailf Green Golf Travel

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Tá rún diogbháilte ag Green Golf
Travel an galf i nDún na nGall a chur
faoi bhráid an tsaoil. Níl sárú na
taithí atá acu sa réimse seo le fáil,
agus cinnteoidh siad go mbainfidh tú
taitneamh as an chuid is fearr dá bhfuil
á thairiscint ag ár gcontae galánta.
Anuas air sin, beidh siad in éindí leat
le linn do thurais i nDún na nGall lena
chinntiú go bhfionnfaidh tú na háiteanna
sin sa chontae nach bhfaighfeá
b'fhéidir i bhformhór na mbróisiúr
turasóireachta!
Teil: +353 (0)86 362 8138
www.greengolfttravel.com

GNÍOMHAÍOCHTAÍ UISCE AGUS TALÚN

Fáilte roimh gach duine a bhfuil dásacht ann.
Daoine gan eagla á lorg. Beidh craic ar dóigh agat!



Turais Siúil

Siúil agus Comhrá i nDún na nGall

Treoraí: Sean Mullan
Turais siúil 7 lá agus turais deireadh seachtaine in ardchríocha agus reanna Dhún na nGall Thuaidh.
Teil: +353 (0)74 915 9366
www.walktalkdonegal.com

Siúil i nDún na nGall

Treoraí: Seamus Doohan
Siúlóidí treoraithe i nDún na nGall, agus iad saincheaptha chun freastal ar na sainriachtanais atá agat.
Teil: +353 (0)74 916 5443
www.walkingdonegal.net

Turais Rothair ar fud Éireann

Turais siúil/fánaíochta féintreoraithe ar fud cheantar Shliabh Liag.
Teil: +353 (0)87 211 8638
www.irelandbybike.com

Turais Siúil Chionn Mhálanna

Treoraí: Bren Whelan
Ag an phointe seo is faide ó thuaidh sa tír, faigh amach faoin am atá thart, agus faoin tsaibhreas staire agus cultúir a bhaineann leis. Teil: +353 (0)87 665 7790
www.malinhead.ie

Turais Bhia

Turais Bhia Dhún na nGall

Turais treoraithe ar fud Chontae Dhún na nGall, áit a bhfuil cuid de na táirgeoirí bia is fearr in Éirinn lonnaithe.
Tel: +353 (0)74 841 5848
www.donegalfoodtours.com

Tumadóireacht

Tumadóireacht Árainn Mhór

Árainn Mhór
Teil: +353 (0)86 330 0516
www.divearranmore.com

Scoil Tumadóireachta Scúba DivinDec

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Ionad Traenála agus Oideachais na Tumadóireachta Scúba
Teil: +353 (0)87 287 6372
www.divindec.com

Club Fo-Uisce Bhá Dhún na nGall

Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht Scúba
Aimsigh ar Facebook muid

Club Fo-Uisce Inis Eoghain

Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall
Láithreacha tumadóireachta iontacha ar fud chósta Iarthuaisceart Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 619 7591
www.inishowensubaqua.weebly.com

Ionad Tumadóireachta Mhíobhaí

Carraig Airt, Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht Scúba/Raice agus Cúrsaí Tumadóireachta
Teil: +353 (0)74 915 4708
www.mevaghdiving.com

Báid Chairtfhostaithe Ros Goill

Na Dúnaibh, Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht Scéimhe/Raice agus Slatiascaireacht Farraige
Teil: +353 (0)74 915 5080
www.rosguill.com

Club Tumadóireachta Fo-uisce Chuan na gCaorach

Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht agus snorcláil eagraithe.
Teil: +353 (0)87 981 9120
Aimsigh ar Facebook muid

An tIonad Tumadóireachta

Toraigh, Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht longbhá
Teil: +353 (0)74 913 5920
www.hoteltory.com

Spóirt Uisce

Eachtraíocht Spraiúil Dhún na nGall

Cé na Craobhaí, Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall
Cadhcáil Farraige
Teil: +353 (0)87 792 0302
www.creevyexperience.com

Scoil Surfála Eitleoige Dhún na nGall

Co. Dhún na nGall
Surfáil Eitleoige agus Tréaneitleogaíocht
Teil: +353 (0)86 061 8475
www.donegalkitesurfschool.ie

Cadhcáil Farraige Dhún na nGall

Fánaid, Co. Dhún na nGall
Turais Chadhcála Farraige agus Cadhcanna ar Cíos
Teil: +353 (0)86 313 0523
www.donegalseakayaking.com

Spóirt Uisce Jaws

Dún Fionnachaidh/Na Dúnaibh, Co. Dhún na nGall Teil:
Dhún Fionnachaidh +353 (0)86 173 5109
Na Dúnaibh +353 (0)87 237 1152
www.jawswatersports.ie

Cadhcáil Fánstrutha

Anagaire, Co. Dhún na nGall
Cadhcáil agus Canúail Oscailte
Teil: +353 (0)86 151 0979
www.rapidkayaking.com

Seoltóireacht agus Spóirt Uisce Ráth Maoláin

Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall
Seoltóireacht, Cadhcáil agus Cúrsaí
Teil: +353 (0)74 915 8724
www.rathmullansailing.com

Seoltóireacht Selkie

Doire Beag, Co. Dhún na nGall
Seoltóireacht, Cadhcáil, Láimhseáil Bád, Gníomhaíochtaí Spóirt Uisce
Teil: +353 (0)86 222 3328
www.selkiesailing.com

Turais Bháid

Bus Uisce Bhá Dhún na nGall

Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
Turas mara timpeall Bhá Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 972 3666
www.donegalbaywaterbus.com

Báid Chairtfhostaithe Bhá Dhún na nGall

Scannánaíocht agus na Meáin, Suirbhéireacht agus Monatóireacht, Éiceathurasóireacht
Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)86 609 6032
www.donegalbaycharters.com

Báid Chairtfhostaithe Dhún na nGall

Loch Feabhail go dtí Bá Dhún na nGall
Seirbhís Bád Chairtfhostaithe - Scannánaíocht agus na Meáin, Suirbhéireacht agus Monatóireacht, Éiceathurasóireacht
Teil: +353 (0)87 221 4986
www.donegalcharters.com

Mara Mhálanna - Suirbhéireachtaí Fiadhúlra Muirí

Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall
Éiceathurasóireacht Mhuirí, Taighde Muirí agus Eispéirís Oideachas Mhuirí
Teil: +353 (0)87 133 4806
Aimsigh ar Facebook muid

Báid Chairtfhostaithe Ráth Maoláin

Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall
Iascaireacht, Turais Fámairachta / Farraige
Teil: +353 (0)87 050 7464
+353 (0)87 248 0132
www.rathmullancharters.com

Báid Chairtfhostaithe Ros Goill

Na Dúnaibh, Co. Dhún na nGall
Tumadóireacht Scéimhe/Raice, Slatiascaireacht Farraige
Teil: +353 (0)74 915 5080
www.rosguill.com

Báid Chairtfhostaithe Shaoire Mara

Cionn Caslach, Co. Dhún na nGall
Iascaireacht, Turais Fámairachta / Farraige
Teil: +353 (0)87 987 0266
www.saoiremara.com

Iascaireacht Farraige Dhún na nGall

Port an tSalainn, Co. Dhún na nGall
Iascaireacht, Turais Farraige Phléisiúir
Teil: +353 (0)87 997 4255
www.seafishingdonegal.com

Safari Farraige agus Turais Bháid Oidhreachta Muirí

Turas feadh chósta Árainn Mhór agus oileáin bheaga na Rosann
Teil: +353 (0)86 330 0516
www.divearranmore.com/Sea-Safari

Seas the Bay

Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall
Iascaireacht Chairtfhostaithe, Breathnóireacht Fiadhúlra agus Turais Bháid
Teil: +353 (0)87 613 6400
www.seasthebay.ie

EACHAÍOCHT

Léim sa diallait agus blais ár
dtránna iontacha agus neart eile fosta!

Diabhail rud is fearr chun tús a chur leis an lá ná bheith ag gearrshodar feadh trá ghalánta nó turas a dhéanamh ar muin capaill timpeall na mbóithre ciúine tuaithe. Is iontach éagsúil an léargas a bheidh agat ar an tírdhreach agus tú ar do chompord ar dhiallait capaill. Bí ag éisteacht le fuaimeanna an dúlra agus greadadh na dtonnta, bain sásamh as dathanna na mbláthanna fiáine agus luigh isteach ar an eispéireas eachaíochta meadhránach seo, a chuirfidh tú do do cheistiú féin cén fáth nár bhain tú triail as riamh.

Ionaid Eachaíochta

Stáblaí Ashtree

Coole, Creamhghort, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 915 3312
 +353 (0)86 220 2052
www.govisitdonegal.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Marcaíochta ar Chapall Charraig Airt

Carraig Airt, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)87 227 6926
www.govisitdonegal.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Eachaíochta Cooley

Bun an Phobail, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)86 063 3487
www.cooleyequestriancentre.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Eachaíochta Deane

An Bhroclais, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 973 7160
www.govisitdonegal.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Eachaíochta Dhún na nGall

Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)71 984 1977
www.donegalequestriancentre.com
 Faofa ag AIRE

Dunfanaghy Stables Ltd.

Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 910 0980
 +353 (0)86 828 0552
www.dunfanaghystables.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Eachaíochta Greenacres

Conmhaigh, Ráth Bhoth,
 Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 914 7541
 +353 (0)86 894 7929
www.govisitdonegal.com
 Faofa ag AIRE

Stáblaí Lenamore

Magh, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 938 4022
www.lenamorestables.com
 Faofa ag AIRE

Ionad Eachaíochta Chuan na Tulcha

Cluain Maine, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)86 720 4150
www.tullaghbayequestrian.ie
 Faofa ag AIRE

Cumann na bhForas Marcaíochta Éireann (AIRE): www.aire.ie

Inis Eoghain



TRÁNNA IONTACHA

Contae atá breac ballach le Tránna Brataí Goirme ó bhun go barr!



Sa chontae ina bhfuil an líon is airde tránna Brataí Goirme agus an cósta is faide sa tír, ní bheidh trá i bhfad uait riamh. Is cuma an trá le radhairc ar gach taobh nó cuaisín beag is fearr leat, tá do rogha tránna agat le cuairt a thabhairt orthu.

Bratach Ghorm

- 1. Trá Bhun Dobhráin**
Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall
- 2. Trá na Carraige Finne**
Anagaire, Co. Dhún na nGall
- 3. Trá Chúil Dabhcha**
Málainn, Co. Dhún na nGall
- 4. Trá na nDúnaibh**
Na Dúnaibh, Co. Dhún na nGall
- 5. Fionntrá**
Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall
- 6. Trá na Cille**
Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall

7. Trá Chnoc an Mharmair
Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall

8. Trá Mhurbhaigh
Leathaigh, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall

9. Trá na Fearthainne
An Dún Mór, Port Nua, Co. Dhún na nGall

10. Trá Phort an tSalainn
Port an tSalainn, Co. Dhún na nGall

11. Trá Ros Neamhlach
Ros Neamhlach, Co. Dhún na nGall

12. Trá na Srúibhe
An tSrúibh, Co. Dhún na nGall

13. Muiríne an Chaisleáin Nua
An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall

Cósta Glas

14. Baile Thiarnáin
Thart ar 4 km laistea de Chionn Fhánada

15. Trá na Dumhaí Bige
Thart ar 13 km laistea den Chlochán Liath

16. Droim na Tine
Thart ar 3 km lastuaidh den Fhál Carrach

17. Machaire Rabhartaigh
Thart ar 5 km laistiar de Ghort an Choirce

18. Port an Churaigh
Thart ar 5 km lastuaidh de Dhoire Beag



* **Tránna a bhfuil garda tarrthála orthu (Iúil+Lúnasa):** Bun Dobhráin, Ros Neamhlach, Murbhach (gar do Bhaile Dhún na nGall), Fionntrá (gar do na Cealla Beaga), An Fearthainn, An Charraige Fhinn (in aice le hAerfort Dhún na nGall), Cnoc an Mharmair (gar do Dhún Fionnachaidh), Na Dúnaibh, Magherawarden (gar do Phort an tSalainn), Rath Maoláin, Cúil Dabhcha, Lios Feannáin (gar do Bhun Cranncha), An tSrúibh (gar don Chaisleán Nua), Trá na Cille (gar do Dhún Fionnachaidh)

* Cathaoireacha Rothaí Trá ar fáil ar Thránna Rath Maoláin, na nDúnaibh agus na Carraige Finne fiosraigh go háitiúil le do thoil

* Séasúr ainmnithe don tsámh in Éirinn ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair. Tabhair cuairt fosta ar: www.beaches.ie | www.iws.ie

* Tránna Brataí Goirme agus Cósta Ghlais ainmnithe nuair a foilsítear iad: www.blueflagireland.org | www.cleancoasts.org

CULTÚR DHÚN NA NGALL

Taisce iontach léirithe, smaointe agus staire!

Liagchiorcal na Bealtaine, Ráth Bhoth

Tá an cultúr ina dhlúthchuid dár bhféiniúlacht anseo i nDún na nGall. Is tríd ár gcultúr a dhéanaimid léiriú agus ceiliúradh ar cé muid féin mar phobal éagsúil, atá traidisiúnta agus nua-aimseartha in éineacht. Tá cultúr ar leith Dhún na nGall le brath ar fud shléibhte agus lochanna Dhún na nGall, ar fud na hÉireann agus timpeall an domhain féin.

Ealaíona agus Cultúr

Ionad Ealaíon na Mainistreach

Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall
Clár saibhir á thairiscint, ina bhfuil drámaíocht, ceol, coiméide, rince, amharc-ealaíona, oideachas agus scannáin.
Teil: +353 (0)71 985 1375
www.abbeycentre.ie

Amharclann an Ghrianáin

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Príomhionad gníomh-ealaíon Dhún na nGall.
Teil: +353 (0)74 912 0777
www.angrianan.com

Amharclann Ealaíon Bhalair

Bealach Féich, Co. Dhún na nGall
An tsiamsaíocht drámaíochta agus cheoil is déanaí á tairiscint, a chuimsíonn daoine ildánacha as Éirinn agus as gach cearn den domhan.
Teil: +353 (0)74 913 1840
www.balortheatre.com

An tIonad Cultúrtha Réigiúnach

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Ionad Ealaíon galánta le haghaidh gach saghas siamsaíochta arna fhorbairt ag Comhairle Contae Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 912 9186
www.regionalculturecentre.com

Oidhreacht

An Chrannóg

Doire Beag, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 953 2208
www.crannog.ie

An tSean-Bheairic

An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 918 0888
+353 (0)74 918 0655
www.falcarraghvisitorscentre.com

Ionad Oidhreachta Ard an Rátha

Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 242 4590
www.ardara.ie

Mainistir na hArdadh

Lasmuigh den Chraoslach, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 913 8909
www.ardsfriary.ie

Músaem Bhaile agus Cheantar Bhéal Átha Seanaidh

Béal Átha Seanaidh
Teil: +353 (0)87 444 3554
www.facebook.com/Ballyshannonmuseum

Ionad Cuairteoirí Mheascán Mhéabha

An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 938 1104
www.thecairncentre.com

Teach an Chabháin Chorr

Baile an Droichid
Teil: +353 (0)85 164 2525
www.cavanacorgallery.ie

Siopa Poircealláin Celtic Weave China

Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall
Cáiliúil as a gciseáin phoircealláin agus a n-earraí bláfara.
Teil: +353 (0)71 985 1844
www.celticweavechina.com

Ionad Oidhreachta Cholm Cille

Gartán, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 913 7306
www.colmcilleheritagecentre.ie

Músaem Chumann Staire Chontae Dhún na nGall

Ros Neamhlach, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)71 985 2133
www.donegalhistory.com

Sráidbhaile an Ghorta Mhóir, Dumhaigh

Oileán na nDumhcha (lasmuigh de Bhaile Lifín), Inis Eoghain
Teil: +353 (0)74 937 8078
www.doaghfaminevillage.com

Músaem Contae Dhún na nGall

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 912 4613
www.donegalcoco.ie/culture

Caisleán na dTuath

An Craoslach, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 913 8445
 www.govisitdonegal.com

Caisleán Dhún na nGall

Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 972 2405
 www.govisitdonegal.com

Ionad Oidhreachta Iarnróid Dhún na nGall

Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 972 2655
 www.donegalrailway.com

Iarnród Bhaile na Finne

Baile na Finne, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 954 6280
 www.fintownrailway.com

Músaem Míleata an Dúin Riabhaigh

Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 936 1817
 www.dunree.pro.ie

Teach Gléibe agus Gailearáí

Mín an Lábáin, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 913 7071
 www.facebook.com/
 TheGlebeHouseAndGallery

Daonbhaile Ghleann Cholm Cille

Ghleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 973 0017
 www.glenfolkvillage.com

Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

Mín an Lábáin, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)76 100 2537
 www.glenveaghnationalpark.ie

Caisleán na hInse

Inis, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 936 2600

Músaem Muirí Inis Eoghain

An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 938 1363
 www.inishowenmaritime.com

Ionad Cois Locha

Dún Lúiche, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 953 1699
 www.dunleweycentre.com

An tIonad IOSAS

Doire Mheathán, Magh,
 Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 938 4866
 www.facebook.com/IOSASCentre

Ionad Oidhreachta Isaac Butt

An Clochán, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 913 3108
 www.govisitdonegal.com

Ionad Idirnáisiúnta Déanta Cairpéad agus Iascaireachta na gCeall Beag

Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 974 1944
 www.visitkillybegs.com

Loch Dearg

Paiteagó, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)71 986 1518
 www.loughderg.org

Iostáin Cheann Tuí Lurgyvale

Cill Mhic Réanáin, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)87 162 9539
 www.facebook.com/
 ThatchedCottagesKilmacrennan

Ionad Oidhreachta agus Oideachais Monreagh

An Carraigín, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 914 0708
 www.monreaghulsterscotscentre.com

Muilte Arbhair agus Lín, An Muileann Úr

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 912 5115
 www.govisitdonegal.com

Páirc Ghort na Darach

Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 917 3068
 www.oakfieldpark.com

Oideas Gael - Cúrsaí Gaeilge agus Cultúir le haghaidh Daoine Fásta

Teil: +353 (0)74 973 0248
 www.oideas-gael.com

Ionad Cuairteoirí an tSeanteampaill

An Bheart, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 936 8900
 www.oldchurchvisitorcentre.com

Ionad Cultúrtha Shliabh Liag

Teileann, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 973 9077
 www.slieveleaguecliffs.ie

Ionaid Cultúrtha agus Oidhreachta Chonaill

Na Gleannta, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 955 1766
 www.govisitdonegal.com

Stiúideo Dhún na nGall

Cill Charthaigh, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 973 8194
 www.studiodonegal.ie

Teach John Mhicí Bán

Carraig Airt, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)87 251 5387
 www.donegal.ie/venue-and-
 organization/teach-john-mhici-ban

Teach Mhicí Mhic Gabhann


Machaire Rabhartaigh,
 Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)86 317 4260
 +353 (0)87 756 1787
 www.rothamorantsaoil.ie

The Workhouse (Teach na mBocht tráth)

Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 913 6540
 www.dunfanaghyworkhouse.ie

Teach Volt

Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
 Teil: +353 (0)74 917 3966
 www.donegal.ie/venue-and-
 organization/volt-house



Ionad Halla Butt / Ionad Ealaíon Bhalair, Bealach Féich



Fiddle on Rougey, Bun Dobhráin

12 Rud a Chaithfidh tú a Dhéanamh i nDún na nGall



1. Cionn Mhálanna

An pointe is faide ó thuaidh in Éirinn

B'fhéidir go dtarlódh, ar thráthnóna spéirghlan, go mbeifeá faoi dhraíocht ag spéir na hoíche á lasadh suas ag an Aurora Borealis, na Gealáin Thuaidh. Tá daoine ann a raibh d'ádh acu an seó soilse neamhaí seo a fheiceáil, agus a gha dathanna ina ribíní taibhsiúla, iad ag rince agus ar crochadh mar a bheadh cuirín fluaraiseach lastuas de Chionn Mhálanna – níl údar is fearr taisteal chuig Dún na nGall ná an radharc dochreidte sin a fheiceáil. De réir mar a dhéanann tú an t-aistear 160 ciliméadar timpeall leithinis ghalánta Inis Eoghain, beidh neart rudaí le tú a mhealladh agus do spéis a mhúscailt ar an turas seo chuig an pointe is faide thuaidh in Éirinn, Cionn Mhálanna. Dóibh siúd a bhfuil suim acu sa stair mhíleata, is díol spéise é Músaem Míleata an Dúin Riabhaigh, gar do Bhun Cranncha. Níos faide ar aghaidh, aimseoidh tú Sráidbhaile an Ghorta Mhóir i nDumhaigh, músaem allamuigh a thugann léargas suimiúil ar an cheantar ó bhí tubaiste an Ghorta ann sna 1840í go dtí an lá atá inniu ann.

2. Grianán Ailigh

Múscail do spiorad rúndiamhair

Ba i ndún Ghrianán Ailigh a bhíodh cónaí ar Ardríthe na hÉireann tráth. Anois tá sé crochta 245 méadar os cionn leibhéal na mara ar mhullach mórthaibhseach. Meastar go bhfuil an suíomh ciorclach seo tagtha slán chugainn ó thart ar 1700 RC. Cé go bhfuil naisc thábhachtacha aige le mainistreacha ársa Dhún na nGall, téann a stair siar i bhfad níos faide ná ré na Críostaíochta agus tá sé ar maos san fhinscéalaíocht. Is áit dhiamhair é an dún léibheannaithe, ina dtig leat tú féin a thumadh san am atá thart agus amharc ar an tírdhreach. Tá radhairc fhairsinge anuas ar pháirceanna mar a bheadh paistí ann, gan trácht ar na lochanna agus an tuath thulchach máguaird. Roghnaíodh an dún sa bhliain 2013 mar cheann de na sainchomharthaí a cuimsíodh i bpas nua na hÉireann.



3. Surfáil i mBun Dobhráin

Gabh ag marcaíocht ar na tonnta!

Is croílár chultúr na surfála anois é Bun Dobhráin, i ndeisceart an chontae, agus tá sé ina óstach gan sárú ar chomórtais surfála den scoth. Tá Bun Dobhráin ar thús cadhnaíochta ó thaobh na surfála de, dar le lucht na gcultacha dubha, agus is áit é ina bhfuil an tonnmarcaíocht go smior i gcuid den phobal áitiúil. Tá clú agus cáil ar fud an domhain ar sceireacha Bun Dobhráin agus ar an chúltra iontach radharcra agus tránna timpeall orthu, agus is iad na sceireacha úd is cúis le méid optamach gach toinne. Múinfidh na teagascóirí cáilithe in Ionad Eachtraíochta Dhún na nGall i mBun Dobhráin – an t-ionad is mó den chineál sin in Éirinn – duit go sciliúil conas fanacht i do sheasamh ar an bhord. Mura bhfuil surfáil déanta agat cheana, is áit mhaith le tosú é Ros Neamlach, atá suite cúpla ciliméadar ó thuaidh.

12 Rud a Chaithfidh tú a Dhéanamh i nDún na nGall



4. Sliabh Liag

Bain lán do dhá súil as cuid de na radhairc is fearr san Eoraip.

Téann bóthar casta aníos go géar ó Theileann chomh fada le hailte agus sléibhte maorga Shliabh Liag. Ón láthair amhairc, feicfidh tú os do chomhair amach ceann de na radhairc is iontaí san Eoraip, a chuirfidh do chroí ag pléascadh i do chliabh. Tá painéal faisnéise ann, ar cuid é de Thionscadal Léirmhíniúcheach Dhún na nGall, ina leagtar amach sonraí faoin áilleacht atá romhat. Tá an limistéar seo de Dhún na nGall ina chuid fosta den Chonair Apaláiseach a théann soir feadh Bhealach na gCruach agus a nascann ansin le Bealach Uladh agus Cósta an Rampair. Is foinse eolais iontach faoin cheantar agus faoina oidhreacht seandálaíochta é an lárionad cultúir in aice láimhe, Teileann.

5. Cionn Fhánada

Bí ag faire amach don solas ag Teach Solais Chionn Fhánada!

Aithneoidh tú leithinis chúlráideach Fhánada ar a tránna gainimh órga agus talamh feirme droimneach, a bhfuil bóithre caola fite fuaithe tríothu. Tá an leithinis brúite isteach idir Loch Súilí agus an Mhaoil Rua, agus as sin, téann sí ar aghaidh chuig Cionn Fhánada aoibhinn, áit a dtig leat dul ar thuras agus dreapadh go dtí barr an tí solais. Thiocfadh leat fanacht fiú in iostáin Choimeádaí an Tí Solais, atá fós mar a bhíís an chéad lá riamh. Ar an bhealach, thiocfadh le teaghlach taitneamh a bhaint as lá spóirt uisce i mbailte saoire tarraingteacha amhail Ráth Maoláin agus Port an tSalainn. Tig leat do rogha rud a dhéanamh - iascaireacht ronnach a dhéanamh ón ché, foghlaim conas slatiascaireacht breac dea-dhathach a dhéanamh le cuileog, bád troitheán a fháil ar cíos nó cadhc a chéaslú. Má tá fuinneamh le caitheamh agat, is beag rud a bheadh níos fearr ná diallait a chur ar chapall agus dul ag marcaíocht feadh bhruach Loch Súilí ar thrá Ráth Maoláin gan mhilleadh. Bí ullamh le haghaidh moilleanna ar bhóithre aon lána agus tú ag tiomáint timpeall na leithinse galánta seo; d'fhéadfadh go mbeifeá sáinnithe ag tréad bodóg agus nach mbeidh ar do chumas ach luas ba. Ná dearmad gur i nDún na nGall thuaidh atá tú, áit a bhfuil an frása festina lente, nó 'déan deifir go mall', glactha mar mhana ag daoine, agus áit a leanann an saol ar aghaidh go deas réidh.



6. Bus Farraiqe Dhún na nGall

Turas farraiqe timpeall Bhá Dhún na nGall

An bealach is taitneamhaí le hiontais Bhá Dhún na nGall a fheiceáil ná dul ar thuras báid 75 nóiméad, a nochtfaidh gach rud duit ar an bhealach, idir shuímh stairiúla agus chuasa atá breac le róna, idir mhainéar oileáin agus fhothrach caisleáin. Tabharfaidh baill den chriú tráchtairacht shuimiúil spráíúil uathu faoin stair áitiúil agus faoi iontais ar leith sa bhá ar an bhealach amach, agus ar an bhealach ar ais, beidh ceol ann agus tig le daoine canadh in éineacht leis. Bíonn an bus farraiqe ag seoladh ar maidin, sa tráthnóna agus go déanach sa tráthnóna de ghnáth, ag brath ar an aimsir agus an taoide. Is féidir ticéid a cheannach ó oifig na dticéad, atá san iostán athchóirithe gar don Oifig Thurasoireachta. Tá fáil ar na háiseanna nua-aimseartha uile ar Bhus Farraiqe Dhún na nGall, mar aon le láthair amhairc le suíocháin ar an deic uachtair, trealamh sábháilteachta nua-aimseartha, agus urlár damhsa beag fiú.



12 Rud a Chaithfidh tú a Dhéanamh i nDún na nGall



7. Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

Bí ag faire amach d'iolair fíréan

Is í Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha an limistéar is mó talún san áit is fiáine i nDún na nGall, agus laistigh den 40,000 acra talún fiáine sin, feicfidh tú móinteán, sléibhte, lochanna agus coillte. Is í an pháirc seo an dara páirc is mó sa tír; ba leis an mhilliúnaí Meiriceánach Henry P. McIlhenny tráth í, agus tá sí i seilbh rialtas na hÉireann anois. Tig leat turas a dhéanamh sa chaisleán, chomh maith le turas treoraithe timpeall na ngairdíní foirmeálta, atá sa stíl Iodálach, nó de rogha air sin, thioctadh leat siúlóid a dhéanamh ar chosáin timpeall thailte an chaisleáin, faoi stiúir maoir. D'fhéadfadh an t-ádh a bheith leat agus sceiteadh súl a fháil ar iolair fíréan ar foluain, ós rud é gur tugadh ar ais sa limistéar iad, nó ar fhia rua cúthail.

8. Téigh ag fánaíocht ar an Earagail

Seas ar bharr Dhún na nGall

Is siombail chumhachtach a spreagann an tsamhlaíocht é binn bhán chónúil na hEaragail (ón bhfocal Gaeilge Aireagál, a chiallaíonn 'oratory'), an pointe is airde sa chontae. Tarraing do chuid bróga siúil ort féin agus téigh ag fánaíocht thar fhraoch agus fhéar sula dtiocfaidh tú ar chosán clochach chuig an mhullach ar airde 751 méadar, áit a bhfuil dhá charn nasctha ag cosán caol. Daoine atá réasúnta aclaí agus a bhfuil an éide chúí acu, tógfaidh sé dhá uair ar a mhéad orthu siúl chuig an mhullach. Is fiú go mór an iarracht a dhéanamh. Is é luach do shaothair ná radharc gan bhriseadh ar Chnoc Fola, ar thuath atá breac le caora agus iostáin bhána, agus amach ón chósta, ar Inis Bó Finne, Oileán Dúiche agus Inis Beag.



9. Tránna Jontacha

*Contae atá breac ballach le Tránna Brataí
Goirme ó bhun go barr*

Dún na nGall ina bhfuil an líon is airde tránna Brataí Goirme agus an cósta is faide sa tír, ní bheidh trá i bhfad uait riamh. Is cuma an trá le radhairc ar gach taobh nó cuaisín beag is fearr leat, tá do rogha tránna agat le cuairt a thabhairt orthu.

12 Rud a Chaithfidh tú a Dhéanamh i nDún na nGall



10. Daonbhaile Ghleann Cholm Cille

Bí i dtiúin le saol na tuaithe san am atá thart

Diabhal áit is fearr le mionscagadh a dhéanamh ar an am atá thart ná Daonbhaile Ghleann Cholm Cille. Cuimsíonn an clachan, nó sráidbhaile, seo ocht n-íostán ceann tuí aoldaithe a chuireann trí bliana ar leith de chultúr na hÉireann ar taispeáint: 1720, 1820 agus 1920. Áirítear i dtaispeántais nua íostán iascaire, teach tábhairne-siopa grósaera traidisiúnta agus siopa gréasaí. Téigh ag spaisteoireacht thart timpeall na háite spéisiúla seo agus feicfidh tú áith allais (sauna ó Luathré Éireann), tinleacha macasamhlacha agus carraigeacha Aifrinn. Cúpla ciliméadar lastuaidh de Ghleann Cholm Cille, sa Phort, tig leat aithris a dhéanamh ar an fhile Breatnach úd, Dylan Thomas, a chuaigh ar a laethanta saoire sa cheantar in 1935. Tá siúlóidí eagraithe á dtairiscint trí phortach móna suaimhneach galánta Ghleann Lach, thar easa oighreacha agus anonn Malaidh Ghleann Gheis chomh fada le hArd an Rátha.

11. Oileáin Dhún na nGall

Fág gach rud i do dhiaidh

Tá rud ar leith á thairiscint ag oileáin Dhún na nGall: an deis gach rud a fhágáil i do dhiaidh, an mothú go bhfuil tú in áit nach bhfuil a macasamhail le fáil aon áit ar domhan.

Na hoileáin a bhfuil daoine ina gcónaí orthu, tá seirbhísí farantóireachta acu ó chalafoirt éagsúla ar mhórthír

Dhún na nGall, agus bíonn na hoibreoírí bád beag in ann paisinéirí a thabhairt anonn go dtí na hoileáin nach bhfuil daoine ina gcónaí orthu.

Is iomaí rud a spreagfadh duine chun cuairt a thabhairt ar aon cheann de na hoileáin, mar shampla, ailleadóireacht, éanbhreathnú, tú féin a chur i dtiúin leis an dúlra nó cuairt a thabhairt ar chultúr traidisiúnta atá caomhnaithe go cúramach.

Cibé údar atá le do chuairt, tá saineachtra bhríomhar romhat.




12. Páirc Ghort na Darach

Seoid Rúnda Oirthear Dhún na nGall

Is amhlaid a ghlaitear an tSeoid Rúnda i gCroílár Dhún na nGall ar Pháirc Ghort na Darach. Más lá siamsaíocht don teaghlach uile atá uait, ní gá duit dul níos faide le haghaidh eachtra ná Páirc Ghort na Darach.

Tá an pháirc lonnaithe in 100 acra d'fhearann páirce, coillearnach agus gairdíní galánta taobh le baile Ráth Bhoth. Tá an teach seo, a ndearnadh athchóiriú cúramach iontach air, suite i dtírdhreach méith fearann páirce agus coillearnaí aibí, agus é ag amharc amach ar Shtliabh Chruacháin i gcéin. I dtailte na diméine, tá gairdíní daingne, linnte, lochanna, Nymphaeum cois an locha, crainn oidhreachta, píosaí dealbhóireachta, neart siúlóidí agus conairí, agus iarnród caol 4.5 km, a mbíonn turais do phaisinéirí á n-oibriú air gach lá. Tapaigh an deis chun tabhairt faoin eachtra seo.





Donegal



Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council



Eochair

- An Ghaeltacht
- Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
- Tránna
- Ionad Fáilte
- Cúrsa Galf
- Láthair Picnicí
- N15 Príomhbhealach
- Trá / Muiríne Brataí Goirme
- Bád Farantóireachta
- Aerfort
- Baoi Feistithe
- Aire de Services
- Slí an Atlantaigh Fhiáin
- Pointí Sár-Radhairc
- Pointí Radhairc
- Bealach Cósta Chlochán an Aifir



Bá Dhún na nGall sa Charr

Tá Bá Dhún na nGall lán le sainghnéithe agus bealaí éagsúla. Is gné ar leith den turas iontach seo na radhairc fhiáine agus na hardchríocha láir. Tá radharc álainn romhat ag gach cor agus casadh sa bhóthar. Le linn an turais cairr ghalánta seo, feicfidh tú Sliabh Liag, a chuimsíonn na hailte muirí is airde san Eoraip, agus iad 600 méadar os cionn na farraige, mar aon le bailte margaidh bríomhara, agus gleannta fiáine ársa atá fréamhaithe sa stair. Áirítear leis fosta cor bealaigh chuig an ionad seanda oilithreachta ar Loch Dearg. Is turas é seo a thógfadh an lá ar fad, gan stró.



Bun Dobhráin → Béal Átha Seanaidh → Cé na Craobhái → Ros Neamhlach → Murbhach → Loch Dearg agus Paiteagó → Baile Dhún na nGall → Tamhnach an tSalainn → Inbhear → Dún Cionnaola → An Bhroclais → Na Cealla Beaga → Cill Charthaigh → An Charraig → Teileann → Málainn Bhig → Málainn Mhóir → Gleann Cholm Cille → Malaidh Ghleann Gheis → Ard an Rátha agus ar ais.

Buaicphointí an Turais

BUN DOBHRÁIN

Ionad saoire den scoth cois trá a shásóidh mianta gach duine, idir óg agus aosta.

- Trá Brataí Goirme AE
- Ionad Géimiascaireachta
- Surfáil
- Waterworld
- Folcadáin Feamainne
- Bun Dobhráin

BÉAL ÁTHA SEANAIDH

Is é Baile Oidhreachtá Bhéal Átha Seanaidh an baile is sine in Éirinn, agus is ann a rugadh an file William Allingham agus an racghiotáraí Rory Gallagher.

- Ionad Géimiascaireachta
- Ionad Ealaíon na Mainistreach
- Teil: +353 (0)71 985 1375
- An tIonad Fóillíochta
- Teil: +353 (0)71 985 2818
- Cuideachta Grúdaireachta Dhún na nGall
- Teil: +353 (0)71 985 1371
- Músaem Dúiche Bhéal Átha Seanaidh
- Teil: +353 (0)87 193 7166

AN CHRAOBHAIGH

Tá an Chraobhaigh suite ar imeall an Aigéin Atlantaigh, i ag amharc isteach i mBá Dhún na nGall agus Sléibhte Dhún na nGall thart timpeall uirthi.

- Slatiascaireacht
- Eispéireas na Craobhái
- www.creevyexperience.com
- Caisleán Chill Bharrainn

ROS NEAMLACH

Tá Ros Neamhlach suite i gcorrán gainimh órga 4 km, agus tá an-tóir air as an réimse spóirt uisce atá ar fáil ann, amhail gaothshurfáil, surfáil agus sciáil uisce.

- Mainistir agus Músaem Prionsiasach
- Teil: +353 (0)71 985 1342
- Trá Brataí Goirme AE
- Surfáil / Gaothshurfáil

Bua ar leith de chuid Mhurbhagh ná Cumann Gailf Dhún na nGall, cúrsa iontach atá suite feadh an Atlantaigh idir Baile an tSratha agus Baile Dhún na nGall.

- Trá Brataí Goirme Náisiúnta
- Cumann Gailf Dhún na nGall

LOCH DEARG AGUS PAITEAGÓ

Is sráidbhaile gleoite é Paiteagó, atá suite idir Loch Éirne agus Loch Dearg, ar imeall Chontaetha Dhún na nGall (Poblacht na hÉireann) agus Fhear Manach (Tuaisceart Éireann), agus is áit iontach é le haghaidh siúil agus slatiascaireachta. Meallann Loch Dearg breis is 30,000 duine chuige gach bliain, agus láthair oilithreachta Chaitliceach é a mbíonn an-tóir go deo air.

Teil: +353 (0)71 986 1518

BAILE DHÚN NA NGALL

Tá an baile beag fuinniúil seo suite san áit a ritheann an lascaigh isteach chuig Bá Dhún na nGall; tá ráchairt mhór air fós agus is áit mhaith é ónar féidir taisteal chuig deisceart agus iarthar an Chontae.

- Caisleán Dhún na nGall
- Teil: +353 (0)74 972 2405
- Sráidbhaile Ceardaíochta Dhún na nGall
- Teil: +353 (0)74 972 5928
- Bus Farraige Bhaile Dhún na nGall
- Teil: +353 (0)74 972 3666
- Oifig Thurasoireachta
- Teil: 1850 230 330

TAMHNACH AN TSALAINN

Is sráidbhaile pictiúrtha cois farraige é Tamhnach an tSalainn a bhfuil radharc gan bhriseadh uaidh ar Bhá Dhún na nGall ina hiomláine, agus a bhfuil baint aige le béaloideasóir agus scríbhneoir Seamus McManus.

- Ionad Slatiascaireachta Farraige
- Gairdíní Chnoc an tSalainn
- Teil: +353 (0)74 973 5387

INBHEAR

Ionad slatiascaireachta aitheanta ina bhfuil trá iontach.

- Trá
- Géimiascaireacht

DÚN CIONNAOLA

Is ar chósta ó thuaidh Dhún na nGall atá an sráidbhaile seo suite, i ngiorracht na leithinse galánta, lán le fiadhúlra, a théann chomh fada le Pointe Charraig an Rois.

- Trá
- Teach Solais Pointe Charraig an Rois Cóiríocht fhéinfhreastail
- Teil: +353 (0)1 670 4733

AN BHROCLAIS

Sráidbhaile beag a bhfuil clú agus cáil air as a cheol traidisiúnta agus bia.

- Ionaid Eachaíochta Deane
- Teil: +353 (0)74 973 7160

NA CEALLA BEAGA

Baile bríomhair iascaireachta é seo, a bhfuil an flít trálaer is mó in Éirinn ann, agus feicfidh tú longa áitiúla agus iasachta araon in airde cois cé.

- Eaglais San Caitríona
- Leac Thuama ón 16ú hAois
- Trá Brataí Goirme Náisiúnta
- Bá Fhionntrá
- Ionad Idirnáisiúnta Déanta Cairpéad agus lascaireachta na gCeall Beag
- Teil: +353 (0)74 974 1944
- Ionad Faisnéise na gCeall Beag
- Teil: +353 (0)74 973 2346

CILL CHARTHAIGH AGUS AN CHARRAIG

D'fhéadfá a rá gur parthas d'ealaíontóirí é ceantar Chill Charthaigh agus na Carraige, a bhui lena shléibhte, gleannta, tránna agus bánna.

- Stiúideo Dhún na nGall
- Teil: +353 (0)74 973 8194

TEILEANN

Radhairc áille, Aillte Muirí Shliabh Liag Bun Glas - tá na hAillte suite ar chósta thiar Dhún na nGall, agus deirtear gurb iad na hAillte muirí is airde agus ar na hAillte is breátha san Eoraip; tá titim beagnach díreach uathu isteach i dtionnta an Atlantaigh fhiáin thíos fúthu. Is radharc é a bhainfeadh an anáil díot mar sin, ach scanródh sé thú fosta.

- Slatiascaireacht Farraige
- Turais Bháid Shliabh Liag
- Teil: +353 (0)87 628 4688
- Ionad Cultúrtha Shliabh Liag
- Teil: +353 (0)74 973 9077

MÁLAINN BHIG / MÁLAINN MHÓIR

Tá radhairc iontach ag an dá shráidbhaile seo in aice le Gleann Cholm Cille, chomh maith le tránna breátha gainimh.

- An Trá Bhán
- Carn Cúirte Glenmalin
- Earraí Bréidín agus Lámhchnioltáite

GLEANN CHOLM CILLE

Tá Gleann Cholm Cille ainmnithe as Naomh Cholm Cille, agus é suite i leithinis Shliabh Liag na radharc iontach. Tá clú ar an cheantar seo as a bhfuil ar fáil ann de chultúr agus ceol traidisiúnta, chomh maith le lonnaíochtaí réamhstairiúla.

- Oideas Gael - cúrsaí Gaeilge agus cultúir
- Teil: +353 (0)74 973 0248
- Daonbhaile Ghleann Cholm Cille
- Teil: +353 (0)74 973 0017

AN MACHAIRE

Tá Pluaiseanna an Mhachaire suite anseo, agus ní gá ach siúil feadh na trá drithlir aigird chun teacht orthu.

AN PORT

Gráig fhiáin iargúlta atá gar don staca farraige is mó in Éirinn, Staca Farraige an Toir Mhóir.



Cuimsítear sa turas cairr seo leithinis beag fhíoraobhinn a bhfuil péire ionad saoire inti, agus anuas air sin, Sléibhte agus Gleannta na Cruaiche Goirme, a shíneann ó thaobh oirthir go dtí taobh iarthair an chontae.



Ard an Rátha → An Ros Beag → Port Nua / An Fhearthainn → Cill Chluanadh → Na Gleannta → Baile na Finne → Bealach Féich / Srath an Urláir → An Bearnas Mór → Loch Iascaigh → Na Frosa → Ard an Rátha.

Buaicphointí an Turais

ARD AN RÁTHA

Baile Oidhreacht agus lárionad déantúsaíochta bréidín a fhitear de láimh.

- Siopa Déantóirí Dearthóra Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 102 3100
- Galf Dhá Mhaide Mhachaire an Ghainimh
Teil: +353 (0)74 954 1344
- Ealaíontóir Stephen Bennett - Ealaíontóir gairmiúil mínealaíne atá lonnaithe in Ard an Rátha.
Teil: +353 (0)74 954 1652
- Dearadh Triona - Siopa teaghlaigh arb iad Bréidíní Dhún na nGall an speisialtóireacht atá acu
Teil: +353 (0)74 954 1422

AN ROS BEAG

Sráidbhaile saoire álainn agus ionad slatiascaireachta ina bhfuil cúpla trá bhréa ghainimh.

- Loch Kiltorris
- Trá Bhá Dhamhrois

AN FHEARTHAINN / PORT NUA

Áit iontach le haghaidh gailf agus iascaireachta, ina bhfuil cúrsa gailf 18 bpoll agus neart lochanna agus aibhneacha in aice láimhe. Bua eile de chuid an cheantair seo ná

AN FHEARTHAINN / PORT NUA ar lean.

- Ionad cromleac agus trá Brataí Goirme. Péire baile saoire ina bhfuil trá den scoth.
- Trá Brataí Goirme
- Cumann Gailf na Fearthainne / Phort Nua
Teil: +353 (0)74 954 5107

CILL CHLUANADH

Tá neart suíomh meigiliteach le fáil anseo, cromleac Chill Chluanadh go háirithe, agus tá dhá thuama ursanacha agus iarsmaí tuama cúirte ann fosta. Is ar thaobh oirthir an lána taobh thiar d'eaglais Chill Chluanadh atá an suíomh iontach seo suite, agus é comhdhéanta de dhá dholmain laistigh d'iarsmaí charn 25 méadar ar fad.

- Ionad na Dolmaine - Cill Chluanadh Is eispéireas nua do chuairoteoirí chun na háite é lonad na Dolmaine, agus tá Seomra Staidéir Allamuigh ann ina bhfuil nithe ar taispeáint, Seomra Gníomhaíochta le haghaidh spóirt, halla ilfheidhmeach, agus Pointe Eolais do Thurasoírí agus Siopa Ceardaíochta.
Teil: +353 (0)74 914 5010

NA GLEANNTA

Is é na Gleannta an baile is mó a bhfuil Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara buaite aige. Is é cúlra an bhaile seo ná radharc na sléibhte galánta.

- Músaem Naomh Conaill - taifead iontach spéisíúil ar an stair áitiúil.

BAILE NA FINNE

Sráidbhaile beag ar aghaidh loch gleoite i ngleann na Finne.

- Iarnród Bhaile na Finne - An t-aon iarnród i nDún na nGall atá fós ag oibriú, ar a dtiocfadh leat turas ceithre mhíle a dhéanamh taobh le Loch Finne.
Teil: +353 (0)74 954 6280
www.fintownrailway.com

BEALACH FÉICH / SRATH AN URLÁIR

Tá an péire sráidbhaile seo suite ar bhruach na Finne agus iad nasctha ag droichead stuach, agus tá an-tóir orthu i measc slatiascairí, imreoirí gailf agus daoine ar mian leo a bheith ag siopadóireacht.

- Ionad Géimiascaireachta
- Amharclann Ealaíon Bhalair
Teil: +353 (0)74 913 1840

BEALACH FÉICH / SRATH AN URLÁIR ar lean.

- Seomra Taispeántais Edel MacBride, The Base, Srath an Urláir
www.edelmacbride.com
- Siopa Ilrannach McElhinneys
Teil: +353 (0)74 913 1217
www.mcelhinneys.ie
- Coillte Dhroim Bó

AN BEARNAS MÓR

Is cosúil sléibhte an Bhearnais Mhóir agus Chruach Chonallach le fairtheoirí maorga ina seasamh ar gach aon taobh den tairseach ar dóigh seo idir tuisceart agus deisceart Dhún na nGall.

- Turas Scéimhe sa Charr

LOCH IASCAIGH

Tá Loch Iascaigh cúpla ciliméadar lastuaidh de Bhaile Dhún na nGall, agus na Cruacha mórga thart timpeall air. Lean bealach Loch Iascaigh, agus bain triail as an tslatiascaireacht bric.

- Coill Ard na Móna
- An Coire Gorta
- Turas Scéimhe



Iarnród Bhaile na Finne



Loch Iascaigh



Na Rosa agus Gaoth Dobhair

Is téarma cineálach í an Ghaeltacht a chuireann síos ar cheantair in Éirinn ina bhfuil an Ghaeilge i réim mar chéad teanga an phobail, agus ina gcaomhnaítear na traidisiúin shóisialta agus chultúrtha a bhaineann leis an traidisiún teanga sin.

Croílár phobal Gaeilge Dhún na nGall. Is gnéithe ar leith ar an turas seo an bhinn is airde sa chontae - an Earagail, agus an pháirc iontach úd, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i Sléibhte Dhoire Bheatha.



Tá daoine ar an oileán Gaeltachta seo le 4,000 bliain agus is léiriú iad ceol, amhráin, scéalta agus damhsaí an oileáin ar an chultúr agus ar an traidisiún Ghaelach atá á gcaomhnú ag iargúiltacht an oileáin. I measc na láithreacha stairiúla atá ar an oileán, tá cloigtheach, fothracha séipéil agus an Chros Tó (ceann den dá cheann atá le fáil in Éirinn). Chomh maith leis an fhlóra agus an fauna, thig le cuairteoirí sult a bhaint as an tumadóireacht, iascaireacht, dreapadóireacht charraige, míolbhreathnú nó deilfbhreathnú, nó cuid de Shlí Dhún na nGall. Tá siúlóid lúibe 4km comharthaithe ann a thosaíonn ag an bPiara agus tá radharcra eisceachtúil ann a rachaidh ar do shuaimhneas. Tá cáil ar Thoraí mar gheall ar an scoil ealaíontóirí atá ann a bhfuil a gcuid saothar ar taispeáint ar fud an domhain.

Bád Farantóireachta Thoraí

Tá seirbhís laethúil farantóireachta ón mBun Beag agus ó Mhachaire Rabhartaigh ar bord an Queen of Aran. Céibh Mhachaire Rabhartaigh Gort an Choirce, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 188 3710
Íoslódáil ár n-aip saor in aisce 'Tory Ferry'
Aimsigh ar Facebook muid

Tá Inis Fraoigh suite i bhfoscadh an chuain idir an Clochán Liath agus Ailt an Chorráin.

Oileán aon mhíle chearnach atá ann agus bíodh pobal bríomhar feirmeoirí agus iascairí ann.

Níl ann ach turas gearr ar an bhád ón chéibh ag Ailt an Chorráin. Níl ach aon mhíle chearnach amháin ar Inis Fraoigh. Ar nós mórán oileán Éireannach, tá stair fhada de lonnaíochtaí daoine ann. In aimsir na Luath-Chríostaí, bhí sé faoi rialú ag Niall Noígiállach, taoiseach áitiúil a d'éirigh de bheith ina Ard-Rí ar Éirinn. Go déanach sa tréimhse mheánaoiseach, bhí an t-oileán faoi sheilbh a shleachta, clann Aodha Rua Uí Dhomhnaill, a threoraigh an seasamh deireanach i gcoinne ghabháil Shasana ar Ulaidh. Rinneadh athdháileadh ar a gcuid tailte le linn bhlianta na Plandála. Go luath sa 20ú haois, bhí pobal dlúth 36 teaghlach ann a raibh cónaí orthu i gclachain, is é sin cnuas-lonnaíochtaí de theachíní beaga, chomh maith le scoil agus oifig an phoist ag Fartown. Theagasc beirt údar Éireannach cáiliúil sa scoil sna 1910í, Peadar O'Donnell agus Séamus Ó Grianna.

Áiteanna suimiúla

1. Maítear gur dhuine de shliocht Ulysses Simpson Grant, an 18ú Uachtarán ar na Stáit Aontaithe, a thóg teach dhá stór ar an taobh ó thuais den oileán.

2. Is meabhrú í an Charraig Aifrinn 50m ó dheas den chéibh ar na péindlíthe a chuir Coróin na Breataine i bhfeidhm san 18ú haois, rud a chosc saoirse an creideamh Caitliceach a chleachtadh.

Gníomhaíochtaí

Siúl, turais bháid, slatiascaireacht, tumadóireacht, éanbhreathnú agus deilfbhreathnú.

Flóra agus fauna tearc atá ar Inis Fraoigh.

Éanbhreathnú

Ar an chósta thiar den oileán, ag Poll an Choire, bíonn neadacha ag geabhróga agus lapairí, lena n-áirítear geabhróga Artacha agus feadóga cladaigh. Sna páirceanna in Fartown, is minic a chloistear speicis shuimiúla a mbíonn neadacha ar talamh acu, an traonach san áireamh.

I measc na speiceas comónta eile ar Inis Fraoigh, tá crosáin, broighill agus saidhbhéir.

Eolas

Comharchumann na nOileán Beag Ancaire, An Chrannóg, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Dún na nGall

T: +353 (0)74 953 2571

F: +353 (0)74 953 2594

R: ancaire@eircom.net

www.donegalislands.com

Breis Léitheoireachta

Inishfree: a tribute to a Donegal island and its people, le Margaret Duffy (2003) Glaoigh ar Margaret ar +353 (0)87-972 4035 Súil Siar: Comharchumann na nOileán Beag 2013

Báid Chairtífhostaithe Inis Fraoigh

Seirbhís shéasúrach farantóireachta ó Ailt an Chorráin, le háirithintí amháin.

Teil: +353 (0)87 925 3534

www.donegalislands.com

Inis Mhic an Doirn

Is oileán beag é Inis Mhic an Doirn atá suite tuairim is leathmhíle amach ó Ailt an Chorráin. Tá cóir a bheith agus 313 acra talaimh ann agus tá an pointe is airde thart ar 20 méadar os cionn leibhéal na farraige. Le linn Éirí Amach 1798, tháinig James Napper Tandy agus meascán d'fhórsaí as an Fhrainc agus as Éirinn i dtír ar an oileán.

Inis Mhic an Doirn

Tá Inis Mhic an Doirn suite thart ar leathmhíle ó Chuan Ailt an Chorráin i bparóiste na Rosann i dTír Chonaill. Gníomhaíochtaí: Siúl, éanbhreathnú, slatiascaireacht farraige, agus iascaireacht.

Eolas/Information:

Comharchumann na nOileán Beag

Teil: +353 (0)74 95 32571

Ríomhphost: ancaire@eircom.net

www.donegalislands.com

Inis Caorach

Is oileán beag, íseal í Inis Caorach tá suite amach ó chósta na Rosann i bParóiste Theampall Cróine. I dtreo an iardheiscirt, tá Oileán Cróine, an Tearmann agus Bá an Mhachaire. Níl ach 42 acra talaimh ar an oileán agus níl an pointe is airde ach 6.5 méadar os cionn leibhéal na farraige. Tógadh scoil ar an oileán in 1910 cé go raibh scoil á reáchtáil i gceann de na tithe ar an tsráidbhaile ó bhí 1868 ann.

Choinnítear caora ar Inis Caorach. Tá Inis Caorach suite ar chósta iarthuaiscirt Dhún na nGall, i lár bhá Bhaollach. Tá sé 650m ar fhad agus 300m ar leithne, agus tá an pointe is airde 6.5m os cionn leibhéal na farraige. Gníomhaíochtaí: Siúl, éanbhreathnú, slatiascaireacht farraige, agus iascaireacht.

Eolas/Information:

Comharchumann na nOileán Beag

Teil: +353 (0)74 95 32571

Ríomhphost: ancaire@eircom.net

www.donegalislands.com

Inis Oirthir

Mar a deir an t-ainm, Inis Oirthir, an t-oileán thoir is ciall leis an ainm. Tá sé ar an cheann thoir den líne oileán atá ag síneadh ó Árainn Mhór soir go Toraigh. Oileán cúng, fada thart faoi mhíle ar fhad agus ceathrú míle ar leithne atá in Inis Oirthir. Tá sé thart faoi mhíle i bhfarraige amach ó chósta Ghaoth Dobhair.

Mar a deir an t-ainm, Inis Oirthir, an t-oileán thoir is ciall leis an ainm. Oileán cúng, fada thart faoi 1.6 ciliméadar ar fhad agus 400 méadar ar leithne atá in Inis Oirthir. Tá sé thart faoi mhíle i bhfarraige amach ó chósta Ghaoth Dobhair. Tá cáil ar mhuintir Inis Oirthir mar gheall ar a saineolas sa tseoltóireacht, sa rámháocht agus san iascaireacht.

Gníomhaíochtaí: Siúl, éanbhreathnú, slatiascaireacht farraige, agus iascaireacht.

Eolas/Information:

Comharchumann na nOileán Beag

Teil: +353 (0)74 95 32571

Ríomhphost: ancaire@eircom.net

www.donegalislands.com

Bain triail as an chúpla focal

Dia duit

Cad é mar atá tú?

Tá mé go maith, go raibh maith agat.

Agus tú féin? Agus cad é fút féin?

Cad é an t-ainm atá ort?

Maidin mhaith

Oíche mhaith

Cá bhfuil an oifig fáilte?

Go raibh maith agat

Le do thoil

Slán, Slán go fóill





GAIRDÍNÍ DHÚN NA NGALL

Bain sult as an suaimhneas agus tú sna flathis phictiúrtha seo.



Idir ghairdíní na dteachíní tuaithe faoi chúram pointeáilte, agus pháirceanna agus tailte coille poiblí, tá saibhreas na dtearmann suaimhneacha ann dóibh siúd a bhfuil grá acu do na bláthanna agus do na crainn. Sméar mullaigh is ea gairdíní áille Ghleann Bheatha, ach ar scála níos lú tá Teach Gléibe i nGartán, teach atá suite i naoi n-acra de thalamh páirce cois locha agus bailiúchán iontach crann ann.

Páirceanna agus Gairdíní

Backleas

Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 913 1107
+353 (0)87 251 6806
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Beltany View Garden

Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 914 4974
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Teach an Chabháin Chorr

Port an tSalainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 915 9113
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Cille Garden

Cill Charthaigh, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 973 8107
+353 (0)87 671 2341
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Cluain na dTor Seaside Nursery & Gardens

An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 636 7599
www.seasideplants.eu
CGDnaG

Cranny Garden

Inbhear
Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 97 36042
+353 (0)87 91 72440
www.donegaltrail.com
CGDnaG

Dunmore Gardens

An Carraigín, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)83 802 8625
www.dunmoregardens.ie
CGDnaG

Foxrock Garden

An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 932 5969
www.donegaltrail.com
CGDnaG

Glenalla House

Baile na nGallóglach, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)86 606 4409
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Páirc Náisiúnta agus Gairdíní Ghleann Bheatha

Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)76 100 2537
www.glenveaghnationalpark.ie
CGDnaG

Grianfort

An Cheathrú Chaol, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 757 4823
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Lower Cranny Garden

Inbhear, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 989 5099
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Nora's Rose Garden

Bealach Féich, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)87 790 0490
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Páirc Ghort na Darach

Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 917 3068
www.oakfieldpark.com
CGDnaG

Teach Ráth Maoláin

Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 915 8188
www.rathmullanhouse.com
CGDnaG

Ros Bán Garden

Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 914 5336
+353 (0)86 080 5214
www.donegalgardentrail.com

Salthill Gardens

Tamhnach an tSalainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 973 5387
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Sea View Garden

Tamhnach an tSalainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 973 5350
+353 (0)87 913 1393
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Gairdín Naomh Colm ag Teach Gléibe

Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 913 7071
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

Summy Garden

Port Nua, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 954 5242
+353 (0)87 436 6187
www.donegalgardentrail.com
CGDnaG

White House Garden, CPI Complex

Caisleán na Finne, Co. Dhún na nGall
Teil: +353 (0)74 914 3976
+353 (0)87 265 5525
www.thewhitehousegarden.ie

Páirc Ghort na Darach, Ráth Bhoth



*CGDnaG - Conair Ghairdín Dhún na nGall

* An t-eolas cruinn ag tráth na priontála



IS É AN TEACH TÁBHAIRNE AN ÁIT IS MÓ CRAIC

Ceol, Bia, Spórt, Tráth na gCeisteanna, Comhrá, Comhlúadar agus Craic!

Éirí í féin atá i dtithe tábhairne Dhún na nGall, áit le bualadh leis an mhuintir áitiúil, comhrá agus pionta a bheith agat, do scíth a ligean i ndiaidh lá mór faoin aer agus bain sult as bia blasta ó fhoinsí áitiúla.

Cuirfear fáilte mhór romhat, tá comhlúadar den scoth ann chomh maith leis an chraic a bhfuil clú mór air, agus tábhairneoirí cairdiúla atá lán-sásta thú a chur ar do chompond.

Tá ár dtithe tábhairne thart leis na céadta bliain, is cuid dár gcultúr agus dár dtraidisiún iad, agus is ann a bhuaileann pobal na háite le chéile agus ina dtugtar fearadh na fáilte roimh strainséirí.

Tá scéal le hinsint ag gach ceann den dá chéad teach tábhairne i nDún na nGall. Thiocfadh leat teacht ar sheisiún ceoil i dteach tábhairne na mílte ar shiúl ón tsaol mhór, nó teacht ar dhamhsa mór a dtagann na sluaite daoine áitiúla ann.

Bain sult as an leann dubh, lágar, táirgí grúdaithe go háitiúil, jin agus fuisce Éireannach. Tá deoch ann don uile bhlas!

Is é deir muintir na háite ná go bhfuil an comhlúadar ar cheann de na comhábhair uathúla faoi choinne teach tábhairne maith. Cuireann an tábhairneoir cairdiúil suim ionat agus déanfaidh siad gach iarracht le go mbeidh cuairt speisialta amach ais amach agat. Mar sin bí cinnte a gcomhairle a iarraidh ar na háiteanna le dul agus na rudaí le déanamh. Oifigí turasóireachta iontu féin is ea tithe tábhairne Dhún na nGall!

Tá teach tábhairne ann don uile dhuine – seantithe tábhairne, cinn nua, tithe tábhairne spóirt, tithe tábhairne ceoil – chomh maith le réimse leathan deochanna don uile dhuine le nach mbeidh díomá ort riamh.

Sa tsaol seo ina bhfuil muid i gcónaí ceangailte ar líne, rudaí ag bogadh níos gaiste, agus rudaí i gcónaí ag tarlú, tá gá le bheith in ann é uile a fhágáil inár ndiaidh. Tá 'ceangal' againn i nDún na nGall chomh maith, ach tá ceangal againn go fóill le mealltacht an tseansaoil agus mar gheall air sin tá ár dtithe tábhairne an-speisialta. Tar isteach, bain sult as an gcomhlúadar agus lig do scíth ar feadh tamaill.

Tum tú féin i gcultúr ár dtithe tábhairne. Bia agus deoch, gáire agus comhlúadar araon.

Is maith an t-am caite é cúpla uair an chloig i dteach tábhairne i nDún na nGall.

LÓISTÍN

Faigh amach faoin réimse leathan lóistín ardchaighdeáin do thurasóirí.

Tá réimse leathan lóistín ardchaighdeáin do thurasóirí i nDún na nGall, lena n-áirítear óstáin, tithe lóistín, teachíní ar cíós, leaba agus bricfeasta agus láithreacha campála agus carbhánaíochta.



Óstáin

Tá gach cineál óstán, idir bheag agus mhór, in áiteanna ar fud Dhún na nGall. Idir óstáin ar chostas íseal agus óstáin só, tá rogha de bhreis agus 55 óstán ar fáil ar fud an chontae. Tá réimse áiseanna ar fáil sa lóistín óstán, agus de ghnáth bíonn bialanna/caifé, beáir, ionaid spóirt, spánna agus ionaid fóillíochta. Tá ardchaighdeáin i gcónaí ag baint le hóstáin Dhún na nGall. Tá gach ceann dár n-óstáin cláraithe le Fáilte Éireann. www.govisitdonegal.com



Leaba agus Bricfeasta

Tá lóistín Leaba agus Bricfeasta iontach dóibh siúd a dtainníonn na sonraí beaga pearsanta leo. I ndiaidh comhrá le do chuid óstóirí, beidh do sháith d'eolas áitiúil agat. Meascán iontach uile chineál óstach agus tithe Leaba agus Bricfeasta atá againn i nDún na nGall, agus cuid den tarraingt é seo. Nuair a chuireann óstaigh Leaba agus Bricfeasta fáilte ina dtithe agus ina gcroí do thaistealaithe a dteastaíonn leaba compordach uathu faoi choinne oíche nó dhó, is furasta a chruthaítear an cairdeas. www.govisitdonegal.com



Lóistín Féinfhrestail

Rogha iontach é lóistín i dtithe saoire má tá tú ag taisteal mar ghrúpa nó más mór leat do spás féin agus áiseanna féinfhrestail. Is bealach iontach le bheith neamhspleách é teach saoire faoi úinéireacht phríobháideach a thógáil ar cíós. Níl aon dhá theach mar an chéanna, tá idir theachíní simplí tuaithe i nGaeltacht Dhún na nGall agus thithe sómasacha ar ár gcósta maorga. www.govisitdonegal.com



Páirceanna Campála agus Carbhán

Tá Páirceanna Campála agus Carbhán Dhún na nGall feistithe le freastal ar réimse leathan daoine ar an gcostas is ísle agus tá tírdhreach tarraingteach ag an chuid is mó acu, go minic trá nó loch in aice láimhe. Sna Páirceanna Carbháin tá láithreacha le haghaidh puball, carbhán agus veaineanna campála. www.govisitdonegal.com

SUAIMHNEAS, SOS AGUS ATHNUACHAN

Bain sult as an suaimhneas agus an fáilteachas.



Spa Solis, Caisleán Loch Iascaigh, Baile Dhún na nGall

Sa tsaol seo ina mbíonn brú am orainn uile, is gá dúinn gach rud a fhágáil inár ndiaidh agus sos a thógáil. Déan áirithint faoi choinne cóireáil spá, cóireáil athnuachan nó folcadán feamainne i gceann den mhórán ionad ar fud an chontae.

Ionaid Spá

Ballyliffin Lodge & Spa

Baile Lifín, Co. Dhún na nGall
Tá Rock Crystal Spa ar cheann de na spánna óstáin is mó éileamh i nDún na nGall, áit ina dtig leat ligean don tsuaimheas agus don chiúnas dul i gcion ort. Croí an Rock Crystal Spa is ea an paisean atá acu don áilliúchán, mar sin tá an t-úsc planda orgánach is fearr tugtha acu chuig Baile Lifín, áit a bhfuil spá eisiach sóúil lánseirbhíse acu go díreach duitse.

Teil: +353 (0)74 937 8200
www.ballyliffinlodge.com

Bundoran Seaweed Baths and Treatment Rooms

Tá sé seo suite ar imeall an uisce i mBun Dobhráin, taobh le Waterworld, agus cuirtear réimse áiseanna agus eispéireas ar fáil ann atá foirfe don duine a bhfuil a fhios acu go díreach an meascán sláinte agus suaimhneas atá uathu. Tá réimse cóireálacha agus teiripí ann ina bhfuil gal-lanna, folcadáin feamainne le huisce scagtha agus téite, feamainn úr áitiúil agus cithfholcadáin fhionnuara uisce farraige.

Áit shuaimhneach fhuinniúil í seo do dhaoine fásta amháin.
Teil: +353 (0)74 984 1172
www.waterworldbundoran.com

Club Sláinte na hEaragaile

Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair
Léiriú é an Serenity Spa ar shíoraíocht shuaimhneach na háilleachta nua-aimseartha, agus is tearmann é ó bhrú agus éilimh an tsaoil mhóir. Bíodh an ciúnas ina thimpeall ort agus thú á spreagadh ag an teas agus boladh cumhra ár gcuid olaí eisintiúla Elemis Spa.

Teil: +353 (0)74 953 2900
www.gweedorecourthotel.com

Holyrood Escape Spa and Blue River

Ionad Fóillíochta
Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall
Áit an tsonais agus an tsuaimhnis í seo ina bhfuil timpeallacht na síochána agus an chailm. Tá sé sheomra cóireála agus Relaxarium san áis spá seo, cuirtear scoth na gcóireálacha áilleachta ar fáil, agus tá roinnt pacáistí spá ar fáil chomh maith.

Teil: +353 (0)71 984 1232
www.holyroodhotel.com

Kee's Hotel Leisure & Wellness Centre

Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall
Spá ina gcuirtear na sonraí in oiriúint do do riachtanais féin; áit a meascann spiorad, fuaim agus cumhracht an tírdhreacha mórthimpeall le boladh fíneálta úscaí na cumhartheiripe agus le fuaim bhog an cheoil a thagann le chéile ar dhóigh chríochnaitheach le cinntiú go ligfidh tú do scíth.

Teil: +353 (0)74 913 0033
www.keeshotel.ie

Marine Spa, Sandhouse Hotel

Ros Neamhlach, Co. Dhún na nGall
Is é an Marine Spa an láthair idéalach faoi choinne aíonna iad féin a athbheochan agus a athnuachan. Tá na teiripí iomlánaíochta agus an áilleacht nádúrtha is nua-aimseartha i dtearmann seo an tsuaimhnis a dearadh leis an aighne, an t-anam agus an corp a oscailt.

Teil: +353 (0)71 985 1777
www.sandhouse.ie

Redcastle Hotel and Spa

Carraig Mhic Uidhílín, Co. Dhún na nGall
Lig do dhualgais le sruth sa tearmann suaimhneach spá ag an Redcastle Hotel. Is uathúil agus álainn an áit ina bhfuil an spá suite agus sna cóireálacha anseo, baintear úsáid as réimse leathan táirgí mara, cumhartheiripe agus nádúrtha, gach ceann díobh roghnaithe le dul chun do leasa.

Teil: +353 (0)74 938 5555
www.redcastlehoteldonegal.com

Saffron Hair & Beauty Lounge, Óstán na hEaragaile, Co. Dhún na nGall

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Lig do scíth, glac do shuaimhneas agus fág do chuid smaointe i do dhiaidh agus tú éalaithe isteach ar an Mount Errigal Beauty Lounge. Croílár an tsuaimhnis agus na hathnuachana é an spá seo. An faoiseamh críochnaitheach é an salón seo ina bhfuil an sámh íon agus an suaimhneas iomlán agus réimse cóireálacha ar fáil ann.

Teil: +353 (0)74 912 2700
www.mounterrighal.com

Seagrass Wellbeing Centre

Inishowen Gateway Hotel
Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall
Flaithis na gcéadfaí é seo, áit a bhfágann tú spriocdhátaí i do dhiaidh agus a gcuireann tú tús le haistear úr. Bí ar do shuaimhneas i do chorp agus i d'anam.
Teil: +353 (0)74 936 2188
www.inishowengateway.com

Seascape Spa, Silver Tassie

Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Bí faoi dhraíocht agus tú scartha ón domhan amuigh agus bain sult as sos spá atá tuillte go maith agat. In Seascape Spa, tugtar aire agus cúram maith do chuirteoirí in áit a bhfuil scoth an tsó, seirbhís agus fáilteachas fhlaithiúil den chéad scoth, agus cócaireacht dá bhfuil gradaim buaite. An faoiseamh idéalach í an áit seo ina ndéanann an tsíocháin agus an suaimhneas athnuachan réidh ar an aigne, an t-anam agus an corp.
Fón: +353 (0)74 912 6251
www.silvertassiehotel.com

Shandon Hotel Spa

Dún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall
Léargas úr nua a chuireann Shandon Spa ar an tsláinte, an áilleacht agus an suaimhneas. Cuirtear na háiseanna is nua-aimseartha le chéile ar dhóigh chruthaitheach le go dtiocfadh leat dul ó eispéireas deas ciúin amháin chuig an chéad cheann eile, agus ag an am chéanna sult a bhaint as an radharc álainn ar cheann de na cóstaí is maorga in Éirinn.

Teil: +353 (0)74 910 0885
www.shandonhotelspa.com

Spa Solís

Lough Eske Castle, Spa Solís
Baile Dhún na nGall
Cuir d'fholláine chun do leasa leis na cóireálacha éifeachtacha sóúla cumhartheiripe. Faoiseamh iontach é Spa Solís i nDún na nGall i dtimpeallacht ina bhfuil áilliúchán sásúla agus teiripí athnuachana nádúrtha. Tá an spá suite i ngairdín an chaisleáin, suíomh atá nádúrtha, úr agus síochánta. Tearmann ceart na síochána agus an tsuaimhnis.
Teil: +353 (0)74 974 3113
www.solishotels.com/lougheskecastle

The Float Room

Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall
Tá an Float Room sa Finn Valley Centre ar an chéad áis sosa snámhachta san Iarthuaisceart. Tá éifeacht dearfach ag an teiripe snámhachta ar ghortuithe spóirt, ar phianta matánacha agus ar an bhrú. Eispéireas fuaimdhíonach é an Float Room a chuireann suaimhneas trom ort, rud atá ina chuidiú le hualach an tsaola a bhaint díot. Tá seomraí snámhachta singil agus dúbailte ar fáil.
Fón: +353 (0)89 442 8691
www.thefloatroom.ie

V Spa ag an Villa Rose Hotel

Bealach Féich, Co. Dhún na nGall
Tearmann an chiúnais agus an tsuaimhnis é seo, áit a bhfaighidh tú eispéireas na dteiripí nádúrtha áilleachta agus iomlánaíochta de chuid an réimse Spa Marine le Germaine de Capuccini. Le teagmháil an duine, thig leat lígean do d'aigne, d'anam agus do chorp a bheith athnuaithe agus tú a chur ar do chothrom arís.
Teil: +353 (0)74 913 0900
www.villarose.net



Seomra Teirmeach, Óstán agus Spá Villa Rose, Bealach Féich



EMBRACE THE WILD ATLANTIC WAY OF LIFE



TEACH SOLAIS CHIONN FHÁNADA, CO. DHÚN NA NGALL

Spaisteoireacht ar áilleacht an ghainimh ar thrá Brataí Goirme Bhaile Mhic an Stocaire. Spléachadh ar áilleacht na nGealán Thuaidh ó Inis Eoghain. Fánaíocht in áilleacht mhaorga Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Níl aon áit níos deise ná Dún na nGall faoi choinne athrú i luas an tsaoil agus an deis ceangal a dhéanamh arís leo siúd atá tábhachtach dúinn. Tá Dún na nGall ar bharr an liosta de na háiteanna is réchúisí ar domhain in 2017 ag irisleabhar National Geographic Traveller agus is léiriú é an contae seo ar gach a bhfuil draíochtúil faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Is é seo an cás go háirithe nuair a fheiceann tú radharc ar aillte creagacha farraige Shliabh Liag den chéad uair. Aillte 600m in airde atá iontu, agus tá siad ar cheann de na haillte is airde san Eoraip. Is áit idéalach é Cosán na nOillithreach an áit idéalach le haghaidh siúlóirí chun braistint a fháil ar mhéid na n-aillte seo. Agus dóibh siúd ar mian leo an bhraistint sin a fháil, beidh cuimhní go deo acu i ndiaidh dul ar thuras báid. Beidh cuimhní go deo acu i ndiaidh cuairt a thabhairt ar Theach Solais Fhánada ar Chionn Fhánada, teach solais a bhfuil bród mór ag muintir Dhún na nGall as. Ón bhliain 1818 i leith, tá an teach solais, a athchóiríodh le déanaí, ag coinneáil báid slán. Is fiáin agus iontach go smíor í an láthair sceirdiúil leathanradhairc seo agus ní thig leat cuairt a thabhairt uirthi gan radhairc áille Loch Súilí agus na Maoile Rua a fheiceáil chomh maith. Sa tearmann nádúrtha seo tá cónaí ar mhíolta, muca mara agus

deilfeanna. Tá na hainmhithe uaisle seo le fáil timpeall ar Chionn Mhálanna, an leithinis is faide ó thuaidh in Éirinn. Mar gheall ar a iargúlta is atá sé, mothóidh tú go bhfuil tú ag éalú ón saol. Is anseo atá an pointe is faide ó thuaidh in Éirinn – Coróin Bhanba. Ainmníodh an áit seo i ndiaidh duine dár mbanríonacha miotasacha agus tá a chuid gnéithe fíoráille le feiceáil sa scannán Star Wars is deireanaí. Is ar na himill thiar le taobh Shlí an Atlantaigh Fhiáin is mó a rachaidh áilleacht gharbh an tírdhreacha i bhfeidhm ort, rud atá le sonrú chomh maith i ngáir an aigéin.

Ná déan dearmad do Phas do Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fháil agus do Stampáí Pointí Aimsithe a bhailiú ar an tslí.



Cósta an Bhia Clú a dhéanamh de bhia Dhún na nGall

Tá caighdeán fíorard i nDún na nGall de chomhábhair agus bia nádúrtha mar gheall ar an timpeallacht ghlan, an aeráid, agus an tírdhreach fíoréagsúil. Mar gheall ar phaisean agus bród tháirgeoirí agus chócairí Dhún na nGall, chomh maith le saibhreas na gcomhábhar áitiúil, cinntítear go bhfuil rud éigin i gcónaí in earnáil bhia Dhún na nGall chun cuairteoirí agus daoine áitiúla aron a mhealladh.

Tá méadú ag teacht ar líon na dtáirgeoirí i nDún na nGall agus tá siad ag tosú ar chlú a bhaint amach dóibh féin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus buann siad gradaim amhail Gradaim Bia na hÉireann, Blas na hÉireann.

CÓSTA AN BHIA – MARC BUNÚIS

Tionscnamh de chuid Chósta an Bhia is ea an marc bunúis agus tá sé mar aidhm aige ceiliúradh a dhéanamh orthu siúd a dhéanann bia sa chontae agus ar na siopaí miondíola a chuireann táirgeoirí Dhún na nGall i lár an aonaigh. Déantar athbhreithniú ar an liosta gach bliain.

Nuair a fheiceann tú an Marc Bunúis, thig leat a bheith cinnte go ndearnadh an táirge i nDún na nGall agus gur deimhníodh na cócairí agus na miondíoltóirí atá ag obair go gníomhach le táirgeoirí áitiúla chun bia Dhún na nGall a chur ar fáil duit.



Ceadaíodh na gnólachtaí seo a leanas:

Táirgeoirí Deimhnithe Dhún na nGall:

- Mulroy Bay Mussels, Creamhghort
- Ballyholey Farm, Ráth Bhoth
- Doherty Potatoes, An Bheart
- Donegal Brewing Co., Béal Átha Seanaidh
- O'Donnells Bakery, An Lathaigh
- Filligans, Na Gleannta
- Wholegreen Health Food, Leitir Ceanainn
- Wild Fuschia Bakery, Dún Fionnachaidh
- An Dúlaman Gin - Drioglan Shliabh Liag, An Charraig

Gnólachtaí Deimhnithe:

- The Counter Deli, Leitir Ceanainn
- The Lemon Tree, Bialann, Leitir Ceanainn
- The Tara Hotel, Na Cealla Beaga
- Restaurant Sage, Leitir Ceanainn
- Arnolds Hotel, Dún Fionnachaidh
- Wholegreen Health Food, Leitir Ceanainn
- Castlegrove House, Leitir Ceanainn
- Buffers Garden Restaurant, Páirc Ghort na Darach, Ráth
- Brownes on the Green, Leitir Ceanainn
- Breac House, Dún Fionnachaidh
- The Foyle Hotel, Bun an Phobail

Tá an t-eolas uile cruinn ag tráth na priontála.

Faigh tuilleadh eolais faoin tionscnamh Cósta an Bhia: Lean n
Ríomhphost Eve–Anne McCarron: eveanne.mccarron@leo.donegalcoco.ie



DÚN NA nGALL – ÁIT NA SEABHDAR BUAITE GRADAM

Reáchtáiltear Comórtas Seabhdair gach bliain sna Cealla Beaga, agus tagann cócairí ó áiteanna ar fud an chontae le dul san iomaíocht don teideal “Seaimpín Seabhdair Dhún na nGall”. Le blianta beaga anuas, tá os cionn 30 cócaire i ndiaidh páirt a ghlacadh ann, agus téann buaiteoirí Dhún na nGall ar aghaidh chun a bheith san iomaíocht sa Chomórtas Cócaireachta Seabhdair Uile-Éireann. Ba é an Seafood Shack sna Cealla Beaga a bhí mar Sheaimpín Seabhdair Dhún na nGall in 2018, agus rachaidh siad ar aghaidh go Cionn tSáile in 2019 le páirt a ghlacadh sa Chomórtas Cócaireachta Seabhdair Uile-Éireann.



ISPÉIRIS CHÓSTA AN BHIA

Féilire imeachtaí ina léirítear spiorad Bhia Dhún na nGall agus a chuid seaimpíní. Reáchtáiltear gach imeacht ag frontar gnó i nDún na nGall chun eispéireas uathúil bia a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar bhia Dhún na nGall. Reáchtálfar na himeachtaí seo ar fud an chontae ó Mheitheamh go Meán Fómhair.

Seaimpíní Seabhdair Dhún na nGall do 2018, The Seafood Shack, Na Cealla Beaga.



n Bhoth



nuid ar Twitter@donegal_food | www.donegalfoodcoast.ie
| Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall.

Eolas an Bhealaigh

Achair Thiomána i gCiliméadair

Dún na nGall chuig	Achair i gCiliméadair
Baile Átha Luain	183
Béal Feirste	180
Caisleán an Bharraigh	150
Corcaigh	402
Doire	69
Baile Átha Cliath	222
Dún Dealgan	158
Gaillimh	204
Cill Chainnigh	309
Cill Airne	407
Latharna	189
Luimneach	296
Ros Cré	245
Ros Láir	391
Sligeach	66
Trá Lí	408
Port Láirge	357



Léirítear ar an léarscáil thuas na bealaí is díri chuig Dún na nGall sa charr nó ar bhus.

Áirithintí Báid Farantóireachta

Tagann báid fartha carranna i dtír i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Béal Feirste agus Latharna as an Bhreatain. Freastalaíonn báid fartha carranna ón Bhreatain agus ón Fhrainc ar Ros Láir agus ar Chorcaigh.

1. Brittany Ferries

Bealach: An Fhrainc go hÉirinn
Fón: +353 21 4277 801 (ó Éirinn)
Suíomh: www.brittanyferries.ie

2. Irish Ferries

Bealach: An Fhrainc go hÉirinn |
An Ríocht Aontaithe go hÉirinn
Teil: +353 818 300 400
Suíomh: www.irishferries.com

3. P&O Ferries

Bealaí: An Ríocht Aontaithe go hÉirinn
Teil: +44 800 130 0030 (An Ríocht Aontaithe)
Suíomh: www.poferries.com


4. Stena Line

Bealaí: An Fhrainc go hÉirinn |
An Ríocht Aontaithe go hÉirinn
Teil: +353 1 907 5555 (ó Éirinn)
Teil: +44 844 770 7070 (An Ríocht Aontaithe agus an Eoraip)
Teil: +33 233 43 22 387 (ón bhFrainc)
Suíomh: www.stenaline.ie


5. Steam Packet Company

Bealaí: Oileán Mhanann go hÉirinn
Teil: 661661 (Oileán Mhanann)
Teil: +44 8722 992 992 (ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe)
Suíomh: www.steam-packet.com

Báid Fartha



Tá eiltí díreacha ann chuig Baile Átha Cliath ón gcuid is mó de chathracha na hEorpa. Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Bord Fáilte Éireann i do thír nó i mBaile Átha Cliath ar +353 1 844 7101



Busanna

Freastalaíonn mearbhusanna ar na príomhbhaile ó Bhaile Átha Cliath agus ó na príomhchathracha eile. Tá seirbhísí áitiúla bus ina gceangal idir na bailte agus na sráidbhaile.

Bus Éireann	Suíomh idirlín: www.buseireann.ie Busanna chuig: Doire ⇄ Gaillimh (trí Aerfort Chnoc Mhuire) Dún na nGall ⇄ Aerfort/Cathair Bhaile Átha Cliath Leitir Ceanainn ⇄ Aerfort/Cathair Bhaile Átha Cliath Teil: 1850 836 611 (08.30 – 18.00 laethúil/náisiúnta)
John McGinley	Suíomh Idirlín: www.johnmcginley.com Busanna chuig: Dún na nGall ⇄ Baile Átha Cliath Dún na nGall ⇄ Glaschú Teil: +353 (0)74 913 5201
Feda O'Donnell	Suíomh Idirlín: www.fedaodonnell.com Busanna chuig: Dún na nGall Glaschú D Gaillimh Teil: +353 (0)74 954 8114
Patrick Gallagher Coaches	Suíomh Idirlín: www.gallaghercoaches.com Busanna chuig: Dún na nGall Béal Feirste Teil: +353 (0)74 953 1107
Mangan Tours	Suíomh Idirlín: www.mangantours.ie Busanna go dtí: Leitir Ceanainn D Tír Chonaill Teil: +353 (0)74 913 5460
McGeehan Busanna	Suíomh Idirlín: www.mcgeehancoaches.com Busanna chuig: Tír Chonaill D Baile Dhún na nGall Leitir Ceanainn Dún na nGall D Baile Átha Cliath Teil: +353 (0)74 954 6150
North West Busways (Foyle Coaches)	Suíomh Idirlín: www.foylecoaches.com Busanna ceangail idir: Tír Chonaill, Leitir Ceanainn, Doire agus Inis Eoghain Teil: +353 (0)74 938 2116 / 938 2619
Local Link Dún na nGall	Suíomh Idirlín: www.localinkdonegal.ie Teil: +353 (0) 74 974 1644

Eitiltí chuig Dún na nGall

Is iad aerfort Bhaile Átha Cliath, Sionainn, Cnoc Mhuire, Béal Feirste, Doire agus Corcaigh na príomhaerfort idirnáisiúnta. Tá seirbhísí ceangail ó na haerfort áitiúla chuig Baile Átha Cliath agus an Bhreatain, is iad sin Aerfort Dhún na nGall, Aerfort Chnoc Mhuire agus Aerfort Doire.

Aerfort Dhún na nGall	Tel: +353 (0)74 954 8284 Suíomh Idirlín: www.donegalairport.ie
Aerfort Chathair Dhoire	Tel: +44 (0) 28 7181 0784 Suíomh Idirlín: www.cityofderryairport.com
Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire:	Teil: +353 (0)94 936 8100 Suíomh Idirlín: www.irelandwestairport.com
Aerfort Bhaile Átha Cliath	Suíomh Idirlín: www.dublinairport.com
Aerfort Bhéal Feirste	Suíomh Idirlín: www.belfastairport.com
Aerfort Chathair Bhéal Feirste	Suíomh Idirlín: www.belfastcityairport.com
Aerfort Chorcaí	Suíomh Idirlín: www.corkairport.ie
Aerfort na Sionainne	Suíomh: www.shannonairport.ie

Fruiliú Carranna

Enterprise Rent-A-Car	Leitir Ceanainn Aerfort Dhún na nGall	Teil: +353 (0)74 910 3202 Teil: +353 (0)74 910 3202
S&R Motors	Baile Dhún na nGall	Teil: +353 (0)74 972 3462 Suíomh: www.srmotors.ie

NA GEALÁIN THUaidH

Faigh eispéireas na nGealán Thuaidh, taispeántas álainn ildaite i spéir na hoíche os cionn Dhún na nGall... Is fearr ar fad iad i do steillbheatha ná i ngrianghraif. An bhfuil sé seo ar do liosta?



Dhá sheachtain de cheoil an tsamhraidh, na hamharclannaíochta, na n-amharcealaíon, na scannán, na litríochta, an tsorcais agus an charnabhail ar bhord farraige thiar thuaidh na hÉireann.

Box Office:
 +353 (0)74 9120777
 An Grianán Theatre,
 Port Road, Letterkenny,
 Co. Donegal, Ireland



Agus an fhéile seo á reáchtáil i lár mhí Iúil gach bliain, ba mhór ag Féile Ealaíon na hEaragail tú a bheith i láthair chun spraoi a bhaint as na himeachtaí ar fad, nach ndéanfaidh tú dearmad orthu go deo, faoi radhairc iontacha Dhún na nGall. Le 30 bliain anuas tá tugtha againn chuig an gcontae álainn seo roinnt de na healaíontóirí agus de na compántais is mó clú agus cáil ar fud an domhain sa cheol, san amharclannaíocht, sna hamharcealaíona, sa litríocht agus

sna radhairc amuigh faoin spéir. Idir scannáin i bhforaoisí agus i gcaisleáin agus amharclannaíocht nuálach, ealaín sráide agus sorcas i ngairdíní, i bpáirceanna agus in ionaid úrscothacha, beidh gnéithe éagsúla dár gclár ar siúl ó cheann ceann Dhún na nGall. Mar sin, cibé áit a bhfuil tú ag fanacht, beidh tú in ann sult a bhaint as scoth na siamsaíochta i gcroílár roinnt de na háiteanna sáráilleachta nádúrtha is fearr in Éirinn. Má tá tuilleadh eolais uait, amharc ar: www.eaf.ie



Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm



Féile bhliantúil 10 lá is ea Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm a reáchtáiltear go déanach i mí Mheán Fómhair/go luath i mí Dheireadh Fómhair i roinnt mhaith bailte, sráidbhailte agus pobal tuaithe ar fud Dheisceart agus Iardheisceart Dhún na nGall. San áireamh san fhéile seo a chuireann Comhairle Contae Dhún na nGall i láthair agus a bhfuil tacaíocht aici ón gComhairle Ealaíon agus ó Éire Ildánach, tá amharclanna taistil, ceol agus amhránaíocht thraidisiúnta, imeachtaí liteartha, físealaíona, na healaíona i scoileanna agus paráid carnabhail sráide, chomh maith le léirithe ceoil chlasaiceigh agus nua-aimseartha.

I measc pháirtneirí agus ionaid na féile, tá Ionad Ealaíon na Mainistreach agus an Erne Enterprise Development Company Ltd., Béal Átha Seanaidh; Ionad Ealaíon Bhalar agus an Balor Rep Theatre Company, Bealach Féich; Áislann Chill Chartha, Halla Mhuire, Gleann Cholm Cille; LUXe Landscape Theatre Company, Dark Daughter Productions, Féile Cheoldráma Thamhnach an tSalainn, Donegal Drama Circle, Cairdeas na bhFidiléirí, Coiste Pharóiste Chill Chartha, Amharclann an Ghrianáin agus an tIonad Réigiúnach Cultúrtha, Leitir Ceanainn.

EOLAS:

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall,
 Leabharlann Contae Dhún na nGall, Cnocán na Rós,
 Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
 T: +353 (0)74 915 3900 R: traolach@donegalcoco.ie www.donegalcoco.ie





Grianghraif arna soláthar ag:

- Alan Hennigan
- Alessandra Raluca Dragoi
- Andrea Whelan
- Barry Cregg
- Bren Whelan | Donegal Climbing
- Brian Mc Elhinney Photography
- Catherine Devlin
- Catriona Bonner
- Chris Hill
- Daragh Mc Donough
- Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm
- Comhairle Contae Dhún na nGall
- Sráidbhaile Ceardaíochta Dhún na nGall
- Oifig Scannánaíochta Dhún na nGall

- Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall
- Donegal Tourism CLG
- Dunmore Gardens
- Féile Ealaíon na hEaragaile
- Emer O'Shea
- Fáilte Éireann
- Fotograf Ulf Berglund AB | www.ulfberglund.se
- Gareth Wray Photography
- Iain Miller | Unique Ascent
- Ian Mitchinson
- James Greer
- Kate Slevin Photography
- Meave O'Brien
- Mark Nolan
- Owen Clarke Photography
- Paul Deeney

- Peter Homer
- Sinead McCarthy
- Spa Solis, Caisleán Loch lascaigh
- Turasóireacht Éireann
- Óstán agus Spá Villa Rose
- Vintners Federation of Ireland
- Waterworld
- Zara Mc Gonigle

Ábhar eagarthóireachta curtha ar fáil ag:
Comhairle Contae Dhún na nGall
Turasóireacht Dhún na nGall CTR

Íomhá ar an Chlúdach Tosaigh:
An Port, Gleann Cholm Cille,
Co. Dhún na nGall

Íomhá ar an Chlúdach Cúil:
Trá Ros Neamhlach

Cóipchearta: © Gach ceart ar cosaint, An tAonad Turasóireachta, Comhairle Contae Dhún na nGall / Turasóireacht Dhún na nGall CTR

Grafaic: Monika Kukawka



Donegal

